AMÁRAĊ

Guṫ na Gaeltaċta

3d

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uim. 34. 14 Deire Fómair, 1965.

Eastáit Tionsclaċ

Roinnt blianta ó ṡin, ní raiḃ san áit a ḃfuil eastáit tionsclaċ na Sionainne anois aċ áit iargúlta, cúlrosca, eascáirdeaċ. Ní raiḃ tionscail ná monarcain ann. Ní raiḃ oibriṫe ann. Ní raiḃ bóiṫre ann. Ní raiḃ bunscoltaċa, meán scoltaċa ná gairm scoltaċa ann. Ní raiḃ rud ar biṫ ann a d'iarrfaḋ an gnó tionsclóir. Ní raiḃ ann aċ riaċtanas náisiúnta. Riaċtanas náisiúnta go gcoiméadfaí Aerṗort na Sionainne ar siúl. agus go ndéanfaí tráċt do na héitealláin ar eagla go léimidís ṫar Aerṗort na Sionainne.

Aċ, níor ċuir na heasbaíoċa seo aon ċúl ar an obair, nuair a measaḋ gur riaċtanas náisiúnta a ḃí ann. Cuireaḋ cuideaċtan neaṁspleaċ ar bun, le airgead Stáit, aċ gan aon ċeangal Stáit nó Roinne air, agus é mar ċuspóir cinnte an ceantar seo a ḟorbairt mar eastáit tionsclaċ. Tugaḋ dóṫain capital dó. breis agus leaṫ milliún ṗunt agus teaċt aige mar ċuideaċtean ar oiread capital agus a ḃeaḋ ag teastáil mar iasaċtaí. Tugaḋ treoir cinnte agus cuspóirí cinnte don ċuideaċtean, cuireaḋ fir éifeaċtiúla gnóṫa, ina ḃun, agus dá ṫoraḋ sin, in ainneoin na gconstaicí go léir a ḃí ina ḃealaċ, tá eastáit tionsclaċ ansin inniu. Tógaḋ monarcana. agus tá siad ar cíos anois, ar ċíos atá ag íoc arais as an airgead capital. Tá na mílte oibriṫe ag obair go lán-aimsireaċ, seasta ansin, agus ní mar rud sealadaċ, aċ mar rud buan. Mar tá daoine tuiscionaċa ar an ċomluċt, agus cinntíonn siad gur fir a ḃéas in 60 p.c. ar a laġad de na postaiṫe. Ní aṁáin sin, aċ ċuir siad mar cúram orṫa féin. tiṫe a ṫógáil agus iad a ṡocrú ina sráidḃailte agus ina gnáċ ionaid cónaiṫe. Ṫairis sin arís, ċuir siad scoltaċa agus aiseanna eile ar fáil, san dóiġe go ḃfásaiḋ Aerṗort na Sionainne mar baile nua - aoiseaċ a mbeaḋ daoine sásta cónaí a ḋéanaṁ ann, agus tarraingt aige ar tionsclóirí ó tíorṫa eile, ċun an ḃeaṫa ṁaiṫ a ċaiṫeaṁ ann. Molaimíd iad seo a ḃí i mbun na cuideaċtean as gnó atá ḋá ḋéanaṁ go maiṫ acu.

Aċ, más riaċtanas náisiúnta a ḃí anseo, is fíor riaċ-tanas i ḃfad níos mó. cás na Gaeltaċta, agus tá an ceaṫrú cuid de Ġaeltaċt na hÉireann insan dá ṗaráiste ag taoḃ a ċéile, Gaoṫ Doḃair agus Ċloiċeannaola. Deirimíd-ne go lom agus go dána, gur ceart go mbeaḋ eastát tionsclaċ ḋá ḃunú anseo láiṫreaċ.

Tá buntaiste aṁáin a ḃí ag Aerṗort na Sionainne, naċ ḃfuil ag an ċeantar seo, níl sé in aice le mór aerṗort. Aċ, is féidir mion-aerṗort a ċur in aice leis gan mórán trioblóide. agus is leor mion-aerṗort do ċúrsaí iompair. Ċoṁ maiṫ leis sin, tá bóiṫre maiṫe i nDún na nGall anois, le gur b'ḟéidir earraí a ṫabairt go Baile Áṫa Cliaṫ nó go Sligeaċ lena gcur ar longa. Nó b'ḟéidir portanna do ḟorbairt i nDún na nGall féin. Taoḃ amuiġ de sin, tá na rudaí go léir i nGaoṫ Doḃair agus Cloiċeannaola, naċ raiḃ ag Aerṗort na Sionainne ar tús. Tá na h-oibriṫe ann; i ḃfad níos mó oibríṫe agus cuid ṁaiṫ acu oilte, fá láṫair féin, ná mar atá anois ag obair in Aerṗort na Sionainne. Tá na tiṫe ann. gan trioblóid ar biṫ a ḃeiṫ ar údarás iad a ṫógáil. Tá scoltaċa náisiúnta, ċoṁ maiṫ agus atá sa tír, fríd an ceantar ar fad. Tá meánscoil cónaí, agus trí ṁeánscoil lae, san ċeantar. Tá trí ġairmscoil sa ċeantar, a d'ḟéadfaḋ oideaċas speisialta, agus traenáil speisialta de ċineál ar biṫ. a ċur arfáil. Tá aiseanna, ṫairis sin, do luċt cónaiṫe ann, i gceann de na ceantraċa is deise sa tír, a ṫarraingeoḋ tionsclóirí eaċtraċa ar biṫ. Aċ, ṫar gaċ rud eile, tá cultaċa de oibríṫe naċ féidir a leiṫéid a ḟáil in áit ar biṫ eile san tír. Mar sin de, is soiléir don duine is doille, gurb é ceantar Gaoṫ Doḃair - Ċloiċeannaola an ċéad ċeantar a ba ċeart a ṁeas, fá ċoinne eastáit tinosclaċ.

Dúinne ar ndóiġ, tá cúis níos mó; anseo atá an Ġaeltaċt, agus níl seans ar biṫ an Ġaeltaċt a ṡlánú gan a leiṫéid seo. Ní ṫiocfaiḋ tionsclóirí príoḃáideaċa isteaċ in áit iargúlta gan ḟios, fáṫ nó áḃar. Caiṫfiḋ údarás dul i gcionn gnó, leis na monarcain a ṫógáil, na h-aiseanna a ċur ar fáil, na mion-ċeisteanna a réiteaċ fré ċéile, agus a ḃeiṫ in ann rá le tionsclóir ar biṫ. Seo ionad tionsclaċ; tá gaċ rud réitiṫe againn duit, níl agat aċ dul isteaċ san ṁonarcain ar a leiṫéid seo do ċíos. Tá na h-oibríṫe réiḋ le dul i gcionn oibre, agus tá ċuile rud ar deis agat. Má níṫear sin, tá ċuile ṡeans go mbeiḋ na mílte ag obair sa ċeantar sin, mar atá anois in Aerṗort na Sionainne, taoḃ istiġ de fíor ḃeagán de ḃlianta. Muna ndeintear seo, is orainn féin, pobal na Gaeltaċta an loċt, agus beiḋ sé le tuigḃeáil, ṫar aon aṁras, naċ ḃfuil sé i gceist ag na h-údaráis an Ġaeltaċt a ṡlánú.

Uaċtarlainn Nua Oscailte

"Tá dóċas agam go mbeiḋ an méadú in táirgeaḋ an bainne atá a' dul ar aġaiḋ anois, ina ċaḃair ṁór le feaḃas a ċur ar stáid na ḃfeilméaraí insan Iarṫar," adúirt Caṫal Ó hEoċaiḋ, T.D., Aire Talṁaíoċt agus Iascaiġ, ag dinnéar i mBéal an Ṁuirṫid indiaiḋ dó uaċtarlann nua £20,000 a oscailt, míle taoḃ amuiġ de Ḃéal an Ṁuirṫid.

Brainse é seo do Uaċtarlann Áṫa 'n Rí, agus tá sé ag táirgeaḋ ċeana féin, agus idir 400 agus 500 feilméaraí áitiúil ag soláṫar 2,000 galún bainne sa lá.

Ċoisreac an tAṫair U. Ó Morḋa, S.C., agus an tAṫair Ó Maolċiaráin, S.C., Béal an Ṁuirṫid, ag caḃrú leis, an Uaċtarlann agus ḃí 110 aoí i láṫair ag an dinnéar insan Scoil Gairm-Oideaċais.

Rinne an tAire comġáirdeaċas le Uaċtarlann Áṫa 'n Rí agus muintir Ḃéal an Ṁuirṫid as an uaċtarlann nua a bunú.

Ḃí áṫas air adúirt sé an spiorad có-oibriṫe a ḃí insan ceantar ṫiar, agus go dtáinig luċt táirgeaḋ bainne le ċéile ar son an leas coitianta. Seo an spiorad a gcaiṫfí a ḃeiṫ a' dúil leis fá ċoinne aṫ-tógáil an Iarṫar. B'é an bun-ċuspóir a ḃí leis, an cuspóir a ba ċeart a ḃeiṫ leis na h-iarraċtaí seo uilig, árdú ioncaim na ḃfeilméaraí insan Iarṫar.

D'aṫaiṁiġ an tAire ar soláṫróirí nua tosaiġ go maiṫ, agus féaċaint go raiḃ na móḃanna ab' ḟearr tairgiṫe acu, agus go raiḃ árd-ċaiġdeán glaine ann ar fad. D'ḟéadfaḋ siad iomlán úsáid a ḃaint as an coṁairle a ḃí le fáil, saor in aisce, ó na Teagascóirí Talṁaíoċta.

Ḃí an Stát ag dúil leis an ċuid is mó den táirgeaḋ breise bainne a teaċt ón Iarṫar, táirgeaḋ a raiḃ réiteaċ déanta fána ċoinne insan dara clár eacnamiciúil, ⁊ ḃí dóċas aige-san go ndéanfaḋ an tIarṫar a gcuid féin de.

Ḃí méadú mór i dtáirgeaḋ an ḃainne fríd an tír uilig, i 1964, an táirgeaḋ a ba ṁó a ḃí againn ariaṁ, agus san am i láṫair, ḃí bainne uaċtarlainne 11 p.c. níos airde ná 1964, agus ag deireaḋ na bliana, ba ċóir go mbeaḋ 400,000,000 galún acu.

Margaḋ ar fáil

Ní ḋearna an táirgeaḋ seo deacraċt ar biṫ díoḃṫa, i gcúrsaí margaíoċta, agus ḃí siad ábalta margaḋ a ḟáil dó uilig. Ḃí an Stát ag caiṫeaṁ £11,000,000 tacaíoċt le tionscail an ḃainne, aċ ḃí an Rialtas lán-tsásta an ualaċ sin a iompar, toisc ċoṁ tábaċtaċ is ḃí an tionscail do na feilméaraí beaga.

Rinne an tAire tagairt ar leiṫ do ċó-oibriú agus dúirt sé go mbeaḋ iomlán na soláṫróirí i mBéal an Ṁuirṫid, ina mbaill gníomaċ don Ċomluċt.

Dúirt an t-Árd Deacon M. F. Ó Finneaḋa, S.P., Béal an Ṁuirṫid, gur pléisiúr agus priḃléid a ḃí ann, ḃeiṫ i láṫair, agus ġaḃ sé leiṫscéal do Easpag Ċill Álaiḋ, an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Ó Néill. naċ dtiocfaḋ leis a ḃeiṫ i láṫair, toisc go raiḃ sé ag an Ċoṁairle sa Róiṁ. Ḃí siad buíoċ don Aire as teaċt, agus tacaíoċt a ṫaḃairt don scéim beag acu-san. In ainneoin naċ raiḃ sé ró ḟada in oifig, ba eol dóiḃ go raiḃ suim doiṁin aige i ḃforbairt na feilméireaċta. Ḃí dóċas aige-san, adúirt sé, go ndéanfaḋ an méid adúirt an tAire fá có-oibriú, maiṫeas mór ag leaṫnú fríd an tír, agus go mbeaḋ dul ċun cinn ann san am i láṫair, agus san am a ḃí le teaċt. Ḃí an daonra ag ísliú ins na ceantair tuaiṫe, agus muna ndéanfaí rud éigin le sin a stopaḋ, ḃeaḋ sé na ḟaḃb an ṁór.

Dúirt an Canónaċ S. Breaṫnaċ, Uaċtarán Cumann Eaċaiḋ an Rí, go raiḃ áṫas mór air an Uaċtarlann a ḟeiceáil ar oscailt i mBéal an Ṁuirṫid.

Ionaid Forbarta i dTíorṫa Eile

Gléas coitianta spreagṫa tionscail i gceantair fé leiṫ

Glactar go coitianta fríd Iarṫar na hEoraipe, le ionaid forbarṫa mar gléas spreagṫa do forbairt tionsclaċ, cé go dtugtar malairt ainmneaċa orṫa; ceantair fáis, ceantair forbarṫa tionsclaċ agus dá réir.

Sé Condaeṫa

I dTuaisceart na hÉireann déantar é go speisialta le soláṫar deontaisí do foirgintí agus innealrá agus tógáil monarċan le cur ar cíos. Tugtar 33⅓ p.c. do ċostas foirgintí monarcan. suas go £70,000 i mbliain ar biṫ, nó is féidir iasaċtaí, nó meascaḋ do iasaċt agus deontas a ṫabairt. Tugtar an fé'n gcéadṁú céanna do ċostas innealra, ⁊ gléasra, suas go dtú ús teora do £130,000.

Is féidir foirgintí monarcan a tógáil roiṁré. le cur ar cíos nó iad a tógáil de réir ordaiṫe an tionsclóir é féin, agus cuntaistair an méid a ċaiṫeann siad ar monarcain agus innealra i gcóir cáin ioncam.

I dTuarascáil a foilsíoḋ in 1963, ainmnítear roinnt maiṫ bailte ṫart timpeall Ḃéal Feirste, mar ionaid fáis agus forbarṫa, agus go dtógfaí caṫair nua, Port Lurgan, agus go ndéanfaí ionaid fáis san ċuid eile den tír. de Ḋoire, Cúl Raiṫne, Omáiġ, Dún Geanáin, Iniscilín agus Iúr.

An Ḃreatain

Sa Ḃreatain, táṫar ag iarraiḋ polasaí tionsclaċ a ċur i ḃfeiḋm agus na monarcain nua a ṫreorú isteaċ ċuig na ceantair is mó a ḃfuil pobal as obair iontu agus níṫear seo tré stiúir an-ġéar ar tógáil tionsclaċ, d'ḟonn agus taḃairt ar na tionscail, dul isteaċ sna ceantair seo. Ċoṁ maiṫ leis seo ,tógtar monarċain ar eastáit tionsclaċ. le suí ar cíos le itonsclóirí. Tugtar deontas 25 p.c. costas tógála monarcan, a tógfas tionsclóirí iad féin, agus 10 p.c. de ċostas ceannaiṫe agus cur isteaċ innealra agus gléasra, agus ċoṁ maiṫ leis sin tugtar iasaċtaí ar rátaí tarrantaċa. Ó 1963 is féidir cuid ṁaiṫ den ċostas capital a ċur i leiṫ cáin-ioncum.

Aċ, ansin, ó mí na Saṁna, '63, tá clár oibre, forbarṫa i ḃfad níos dearfá fá ċoinne Lár na hAlban, agus ceantar Ṫoirṫuaiḋ na Sasana, áit a nglactar leo seo mar ceantair fáis. Ḃí droċ ḋóiġ ar an dá ċeantar toisc go dtáinig meaṫ ar na tionscail traidisiúnta, agus tá sé mar polasaí Rialtais forbairt a ḋéanaṁ orṫa.

Piocaḋ roinnt ṁaiṫ ceantar i Lár na hAlban, agus ceantar mór aṁáin insan taoḃ toirṫuaiḋ de Ṡasain, mar ceantair fáis, agus cinneaḋ go gcuirfí i ḃfad níos mó do airgead Stáit isteaċ ins na monarcain ins na ceantair seo. Agus leis na seirbísí a ṡoláṫar atá i ḋiṫ ar geilleagar tionsclaċ, mar duganna, bóiṫre, aerṗortanna, córas uisce, córas deisiúċáin agus aṫnuaċaint, agus dá réir sin, ċoṁ maiṫ le córas tiṫíoċta.

Cinneaḋ fosta gaċ rud a ḋéanaṁ níos fusa do oibriṫeoirí jobanna a aṫrú. Cinneaḋ san am ċéanna, go mbeaḋ na seana ḃuntáistí a ḃíoḋ le fáil, ag na ceantair anseo, taoḃ amuiġ de na ceantair fáis.

An Ḟrainc: Tá an pleanáil eac-namiceaċ réagúnaċ san Ḟrainc có-ċeangailte go dlú le pleanáil náisiúnta, agus ṫug an 4ú Plean Eacnamiceaċ, 1962-'65 dúṡraiṫe riaraċáin fá ċoinne pleanáil réagúnaċ. Roinneaḋ an Ḟrainnc in 21 ceantair forbarṫa. In gaċ réagún h-ainmníoḋ dá údarás nua: Le Conference Inter-Departmental, agus le Committee Regional Eacnamaíoċta. Ó 1956, tá an Rialtas ag luí ar ionad réagúnaċ mar ceantair fáis. D'ainmniġ siad 26 ionad mar seo, do forbairt speisialta agus ṡoláṫraiġ siad deontaisí agus aiseanna eile do tionsclóirí, áit a ḃfuil deontaisí do suas le 20 p.c. le fáil. Ó 1959-60, fuarṫas amaċ go raiḃ an iomaḋ claonaḋ ag na tionsclóirí teaċt in aice le Paris, agus cinneaḋ go speisialta ar 6 ċeantar ar leiṫ i ḃfad níos iargúlta (Brest, Lorient, Nantes. St. Nasaire, Bordó, ⁊rl.)

An Ollainn. Ó 1949, tá polasaí ag an Ollainn tionscail a ḟorbairt ins na ceantair ṫoir, fá ċoinne na daoine atá ag aṫrú ón talṁaíoċt. Ḃí ceantair ṁóra i gceist ar tús aċ rinneaḋ aṫrú ar seo, agus h-ainmníoḋ 42 bailte, mar ionaid forbarṫa agus fáis. Tugaḋ údarás do na coṁairlí baile, ceantar talaiṁ a ċeannaċ do úsáid tionsclaċ, agus na h-aiseanna ba ġá a ċur ar fáil, ó airgead-Rialtais. Díoltar na suíoṁ forbarṫa le tionsclóirí ag luaċ níos ísle ná an margaḋ, agus tugtar deontaisí fá ċoinne costas tógála monarcan, nó is féidir leis an gcoṁairle baile, monarcain a tógáil le suí ar cíos. Ċoṁ maiṫ leis sin, tugann na coṁairlí aire don dúṡraiṫe ⁊ na aiseanna soisialta, le oibriṫeoirí a spreagaḋ ċun fanaċt ins na bailte beaga. Tugann an Rialtas deontas fá ċoinne Aṁarclann, Scoile, Linnte Snáṁ agus mar sin.

An Iodáil. Ó 1950 tá an Casa mar údarás neaṁspleaċ Stáit le forbairt eacnamiceaċ a spreagaḋ ins na ceantair neaṁ-forbarṫa insan taoḃ teas den Iodáil, áit a ḃfuil timpeall 40 p.c. de daonra na h-Iodáile. Geiḃ siad a gcuid airgid ó ċiste Stáit, agus ó Banc an Domain, agus tá siad ag soláṫar dúṡraiṫe tionsclaċ do deiscirt na hIodáile. Rinneaḋ seo i gcúig réagúin, agus tá ceantair forbarṫa leagṫa